

Príomhbheartais

TÚS ÁITE DO LEANAÍ

Tá beartas sábháilteachta Dingle Lit ag teacht le Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí, 2017 agus leis an Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015. Is féidir cóip a fháil [anseo](#)

TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA

TICÉADÚ

Is é Ticketsource a chuireann an córas ticéadaithe ar fáil le haghaidh imeachtaí Dingle Lit

Daoine a thagann déanach

Tá seans go n-iarrfaí ar dhaoine a thagann déanach fanacht go mbeidh sos cuí sa léiriú sula mbeidh siad in ann dul isteach sa halla éisteachta. Mura bhfuil sos cuí ann, d'fhéadfadh sé nach mbeadh cead isteach in aon chor ag daoine a thagann déanach.

Malartú Ticéad agus Aisíocaíocht

A luaithe atá ticéid curtha in áirithe, ní féidir iad a mhalartú ná aisíocaíocht a fháil orthu. Chun tuilleadh eolais a fháil, glaoigh ar oifig na dticéad ar +353 (0)85 867 8955

FAISNÉIS DHLÍTHIÚIL

Is cuideachta é Dingle Lit Company Limited atá faoi theorainn ráthaíochta, agus é corpraithe in Éirinn (Uimh. 652769), agus tá a oifig chláraithe lonnaithe ag: An Carraigín, Baile an Fheirtéaraigh Thiar, Trá Lí, Co. Chiarraí.

Is é an sealbhóir ticéid atá freagrach as gach riosca gortaithe agus as aon mhaoin a chailltear, a scriostar nó a ghoidtear, as scrios nó goid, agus scaoileann sé nó sí poiblitheoirí na féile saor ó aon dliteanas ina diaidh sin.

Tá na tairiscintí go léir faoi réir ticéid a bheith ar fáil agus bíonn an fhaisnéis go léir i gceart tráth a gcuirtear i gcló í. Coinníonn an lucht bainistíochta an ceart acu féin an fhoireann aisteoirí nó an léiriú a athrú i gcás aon chúinsí nach raibh súil leo. Ní bheidh aon tionchar ag na téarmaí agus coinníollacha seo ar do chearta reachtúla.

Beartas Cóipchirt Dingle Lit Company

Coinníonn Dingle Lit Company an ceart aige féin cead isteach a dhiúltú nó daoine a chur amach as an láthair ar chúiseanna sábháilteachta poiblí. Mura ndéantar a mhalairt a chomhaontú roimh ré, is le Dingle Lit Company an cóipcheart i dtaca le haon láithreachais, díospóireachtaí, agallaimh, ionchur, nó aon imeachtaí den chineál sin atá curtha i láthair agus léirithe i rith imeachtaí Dingle Lit Company ag údair nó rannpháirtithe, nó i rith imeachtaí beo. Má ghlacann tú páirt in aon imeacht a eagraíonn Dingle Lit Company, nó má thugann tú caint uait lena linn, bíodh sin mar láithreoir, cainteoir, rannpháirtí nó duine den lucht freastail, tá an cóipcheart a bhaineann leis sin á bhronnadh agat ar Dingle Lit Company

agus, gan dochar dá bhfuil roimhe seo, tá an ceart eisiach á bhronnadh agat orthu an méid sin a scannánú, a thairfeadh, a chur i gcló, a fhoilsiú, a chraoladh, a atáirgeadh, a dhíol, a dháileadh nó a aistriú gan táille ná ceadúnas.

BEARTAS PRÍOBHÁIDEACHAIS DINGLE LIT

Anseo in Dingle Lit Company, geallaimid go gcosnóimid príobháideachas ár gcustaiméirí, ár n-oibrithe deonacha, ár mbaill agus iad siúd a thacaíonn linn. Cuirtear síos sa bheartas príobháideachais ar an mbealach a n-úsáidimid d'fhaisnéis phearsanta. D'fhéadfadh sé go n-athródh an beartas corruair, agus mar sin, moltar duit an ráiteas seo a sheiceáil ó am go chéile.

Tá na sonraí ar fad le fáil [ANSEO](#)